# Splanc 2021-2022

## Caibidil 1

### Ceisteanna, tascanna, scéalta eile agus freagraí



**Áras maorga**




Tá caisleán Chill Chá suite sa bhaile beag gleoite ar a dtugtar Cill Chá i ndeisceart Chontae Chill Dara. Is é an baile mór is gaire dó ná Díseart Diarmada. Cé go bhfuil cáil ar an gcaisleán, tá an-chuid daoine in Éirinn nár chuala riamh faoi.

Tógadh é sa bhliain 1180. Sin tamall maith ó shin! Hugh De Lacy, Iarla Uladh agus Príomhghobharnóir na hÉireann ag an am a thóg? é. Ba do Walter de Riddlesford, ridire Normannach a tháinig go hÉirinn le linn ionradh na Normannach a tógadh é.

Sa lá atá inniu ann is óstán galánta é. Níl san óstán féin ach aon seomra codlata déag, ach tá lóistí deasa ar an suíomh freisin agus tá clú agus cáil ar an gcúrsa gailf atá ann. Bíonn an-tóir ag lánúineacha air le haghaidh bainiseacha, mar tá na gairdíní agus an suíomh fíorálainn.

Cill Chá *Kilkea* Díseart Diarmada *Castledermot*
ridire *knight* ionradh *invasion*
lóiste *lodge*

**Ceisteanna**

1 Cén contae ina bhfuil Caisleán Chill Chá?
2 Ainmnigh an stádas a bhí ag Hugh De Lacy?
3 Cé dó ar tógadh an caisleán?
4 Mínigh an úsáid a bhaintear as an gcaisleán sa lá atá inniu ann.
5 Cén fáth ar maith le daoine bainiseacha a bheith acu sa chaisleán003F



## Beagán taighde daoibh

1 An é an foirgneamh a tógadh in 1180 atá fós ina óstán i gCill Chá anois, dar leat?
2 Ainmnigh trí chaisleán Normannacha eile in Éirinn.
3 An bhfuil caisleán Normannach sa chúige ina bhfuil tú féin i do chónaí? Má tá, an bhfuil sé in úsáid nó an fothrach é?
4 Cé mhéad caisleán Normannach sa tír a bhfuil daoine fós ina gcónaí iontu?
5 Luaigh cúpla gné a bhaineann le caisleáin Normannacha.

© Gael Linn Splanc | 2021-2022

## Bláthanna – Cad deir siad?



Níl aon amhras ach gur gnó mór é gnó na mbláthanna. Ceannaítear iad, lá i ndiaidh lae, ón siopa bláthanna, ón ollmhargadh, ón stáisiún peitril. Cén fáth a bhfuil tóir chomh mór sin orthu? An mbaineann sé le háilleacht amháin? Nó an é go dtuigimid gur féidir leis na bláthanna teachtaireacht a thabhairt leo?

Is fada an lá ó creideadh gur féidir le bláthanna labhairt ar ár son. Uaireanta braitheann an teachtaireacht sin ar dhath an bhlátha. Tóg, mar shampla, an lile. Seasann an lile bhán do ghlaineacht, an lile phinc do rathúnas, an ceann oráiste do bhród agus an ceann buí do bhuíochas. Is féidir buíochas a chur in iúl freisin leis an bpis chumhra.

Maidir le lus na gile is í an teachtaireacht atá ag an gceann fionndearg ná *ní dhéanfaidh mé dearmad ort*. Seachain lus gile le dhá dhath, áfach, mar is í an teachtaireacht atá leis an gceann sin ná *ní féidir liom a bheith leat*!

Is dócha go bhfuil a fhios ag gach mac máthar agus iníon athar go seasann rós dearg don ghrá. An raibh a fhios agat go seasann tiúilipí dearga don ghrá freisin, afach? Ar ndóigh, bíonn rósanna i bhfad níos costasaí ná tiúilipí, ach an féidir luach airgid a chur ar an ngrá?

rathúnas = saibhreas
pis chumhra *sweetpea*
lus na gile *sweet-william*

### Ceisteanna

1 Ainmnigh na háiteanna a luaitear sa sliocht inar féidir bláthanna a cheannach? An féidir leat smaoineamh ar áiteanna eile?
2 De réir an eolais sa sliocht, braitheann an teachtaireacht ar dhath an bhlátha. Tabhair sampla.
3 Cén fáth a ndeirtear gur cheart lus na gile le dhá dhath a sheachaint?
4 An dóigh leat gur féidir luach airgid a chur ar an ngrá?



© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

**Meaitseálaigí focal ar dheis sa ghreille thíos le focal ar aon bhrí leis sa cholún clé.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | gach mac agus iníon máthar | **A** | pinc/bándearg |
| **2** | rós dearg | **B** | bíonn sé á cheannach ag go leor daoine |
| **3** | ollmhargadh | **C** | bláth a chuireann grá in iúl |
| **4** | seachain | **D** | níos daoire |
| **5** | fionndearg | **E** | scaití |
| **6** | bíonn tóir air | **F** | gach uile dhuine |
| **7** | níos costasaí | **G** | siopa ollmhór ina ndíoltar a lán earraí |
| **8** | uaireanta | **H** | ná bain le |

## Obair bhreise

Aimsigi nó tarraingígí pictiúr de gach bláth a luaitear sa sliocht.

## Áth na Sceire



Baile beag, a bhfuil clú agus cáil air, is ea Áth na Sceire i gContae Chill Mhantáin. Is breá le muintir Bhaile Átha Cliath cuairt a thabhairt air, go háirithe ag an deireadh seachtaine.

Tá an baile féin agus an ceantar mórththimpeall fíorálainn. Anuas air sin tá cáil ar chuid de na caiféanna agus de na bialanna ann. Le tamall maith de bhlianta, tá seirbhís rialta bus ar fáil go dtí an áit ó lár na cathrach, rud a mheallann daoine chun na háite.



Le linn an tsamhraidh i mbliana, tháinig athrú mór ar Áth na Sceirí, afach. Maisíodh an baile ar bhealach nua ar fad. Tugadh ainmneacha nua aisteacha do chuid do na siopaí agus na caiféanna – ainmneacha mar *Mary Popover's Bakery* agus *Potions, Notions and Lotions*. Dúnadh an baile don ghnáthphobal ar feadh tamaill agus bhí gardaí ann, lá i ndiaidh lae, ag coinneáil cuairteoirí agus turasóirí amach as an áit.



Cén fáth?

Bhuel, tá freagra simplí ar an gceist. Roghnaíodh an baile beag tuaithe sin i gCill Mhantáin chun scannánú a dhéanamh ann don scannán Disney,

*Disenchanted*. Níl aon amhras ach go mbeidh muintir an bhaile ag súil go mór lena n-áit dúchais a fheiceáil ar an scáileán mór!



## Ceisteanna

1. Cen contae ina bhfuil Áth na Sceire?
2. Cén fáth a raibh tóir ag muintir Bhaile Átha Cliath air le fada an lá?
3. Cén t-athrú a tháinig ar an áit i mbliana?
4. Cén fáth a ndeirtear sa sliocht go mbeidh lucht an bhaile ag súil go mór lena n-áit dúchais a fheiceáil ar an scáileán mór, dar leat?

## Obair bhreise

An féidir libh na hanagraim thíos a scaoileadh?



*dargaí echnsidandet elbai*
*rituinm atcoen csiathmhi*
*násciále liús*

**Rabhlóg**

*Ghlan Fiachra a chuid fiacla le taos fiacla.*
An dtuigeann sibh cad is brí leis seo? Déanaigí iarracht é a rá go tapa!



taos fiacla *toothpaste*

## Gaeilge agus spraoi!

Is iomaí dalta a raibh díomá air nuair a cuireadh na cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht ar ceal le linn an tsamhraidh. Bliain i ndiaidh bliana baineann daltaí taitneamh agus tairbhe as tréimhse sa Ghaeltacht.




Cinnte, bíonn ranganna i gceist agus bíonn ar dhaltaí cúpla uair an chloig a chaitheamh sa seomra ranga gach lá.

Ach, ar ndóigh, tuigeann gach duine a chaith seal ar chúrsa samhraidh go mbíonn níos mó i gceist ná ranganna. Bíonn spórt agus spraoi ag na rannpháirtithe. Tugann saoire sa Ghaeltacht deis dóibh fanacht as baile, aithne a chur ar theaghlach sa Ghaeltacht agus ar cheantar Gaeltachta. Is breá le daoine bualadh le cairde nua – agus taitníonn sé sin leo freisin. Ar ndóigh, bíonn deis acu labhairt le daoine as Gaeilge.


Eagraíodh cúrsaí Gaeltachta do dhaoine óga ar *zúm* le linn an tsamhraidh seo caite. Ach is mór idir *zúm* agus céilí sa halla, gléasadh suas do sheó faisin, seó ó gach teach ar stáitse, cluiche peile tráthnóna nó tamall cois trá. An aon ionadh go bhfuil go leor daltaí ag rá go bhfuil siad cheana féin ag súil le cúrsa

Gaeltachta an bhliain seo chugainn? Bímis ag súil gur mar sin a bheidh is go mbeidh daltaí in ann a gcuid Gaeilge a chleachtadh i measc daoine a bhfuil suim acu sa teanga.

## Ceisteanna

1 Céard a tharlaíonn do dhaltaí sa Ghaeltacht bliain i ndiaidh bliana?
2 Seachas ranganna céard eile a bhíonn i gceist le cúrsa sa Ghaeltacht?
3 Cén difir atá idir cúrsa Gaeilge ar zúm agus cúrsa sa Ghaeltacht?
4 Céard leis a bhfuil an t-údar agus daltaí ag súil an chéad bhliain eile?

## Crosfhocal daoibh!




**Léigí na nodanna thíos agus déanaigí iarracht an crosfhocal a líonadh!**
**Ar aghaidh libh!**



### Trasna


3 Bhí _____ mhór orainn nuair a chailleamar an cluiche (5).
6 Bhí an ghrian ag _____ an lá ar fad inné.
8 Is breá liom _____ a chaitheamh sa Ghaeltacht gach samhradh. (4)
9 Rinne mé ______ trí seachtaine sa Ghaeltacht anuraidh. (5)
10 Tá a lán _____ agam sa scoil seo. Daoine deasa iad go léir, buíochas le Dia. (6)
11 Scoláire, mac léinn (5)

### Síos

1 Bíonn ranganna grúpa a sé ar siúl i _____ a sé gach lá. . (6}
2 Ba bhreá liom _____ peile a imirt inniu. (7)
4 Is mise an duine is óige sa ____. Cúigear ar fad atá ann - Daideo, Mamó, Daid, Mam agus mé féin.
5 Ceantar ina labhraítear Gaeilge (9)
6 Níor fhoghlaim mé mórán sna ranganna inniu. Ba bheag an _____ a bhain mé astu. (7)
7 Tá mé sa dara _____ ar scoil. (5)

## Inár measc!

Sa bhliain 2018 eisíodh an cluiche físeáin *Among Us* den chéad uair.



Níorbh fhada go raibh an-tóir air. Bhí spéis ag daoine ar fud an domhain ann – agus méadaíodh arís ar an spéis sin le linn na paindéime. Ar ndóigh, bhí ní ba mhó ama ná riamh ag daoine chun cluichí a imirt ar an bhfón, ar *XBOX* nó ar *Playstation*.
Ba é an comhlacht, *Innersloth*, cruthaitheoirí an chluiche.

Sa bhliain 2020, chuir Úna Minh Kavanagh tvuít amach ag rá go raibh seachtar aistritheoirí tar éis leagan Gaeilge den chluiche a chur ar fáil. Bhí gá le leasú nó le hathrú, áfach, chun an cluiche a imirt agus ba bhac mór é sin. Thuig Úna go raibh gá le leagan oifigiúil den chluiche i nGaeilge le go mbeadh sé ar comhleibhéal leis an leagan Béarla.



Nárbh uirthi a bhí an t-áthas nuair a tháinig scéal ón gcomhlacht ag rá gur suim leo an cluiche a chur ar fáil i nGaeilge.

Thosaigh grúpa daoine ag obair ar an togra. Ní in Éirinn a bhí siad uile, áfach. Bhí na haistritheoirí i gCeanada, sa Nua-Shéalainn agus sa tír seo. Ba ag tús na bliana 2021 a cuireadh tús leis an obair agus faoi mhí Iúil seo caite tháinig an cluiche *Inár Measc* ar an saol!

cluiche físeáin *video game*
paindéim *pandemic*
comhlacht = cuideachta *company*

## Ceisteanna

1 Cathain a eisíodh an cluiche físeáin *Among Us* den chéad uair?
2 Cad a rinne Úna Minh Kavanagh sa bhliain 2020?
3 Cén bac a bhí ar an gcéad leagan Gaeilge den chluiche?
4 Céard iad na tíortha ina raibh na haistritheoirí ag obair?

**Léigí na habairtí thíos agus abraigí an bhfuil siad fíor nó bréagach. Má tá an abairt bréagach tugaigí an leagan fírinneach:**

1 Sa bhliain 2013 eisíodh an cluiche físeáin *Among Us* den chéad uair.
2 Le linn na paindéime bhí ní ba mhó ama ná riamh ag daoine chun cluichí a imirt ar an bhfón, ar *XBOX* nó ar *Playstation*.
3 Thuig Úna go raibh gá le leagan oifigiúil den chluiche i nGaeilge le go mbeadh sé ar comhleibhéal leis an leagan Béarla.
4 Síle Minh Kavanagh ab ainm don bhean a chuir an tvuit amach.
5 Bhí na haistritheoirí i gCeanada, sa Nua-Shéalainn, i Meiriceá agus sa tír seo.
6 Bhí teacht ar an leagan oifigiúil Gaeilge den chluiche ó mhí Iúil seo caite. *Inár Measc* a thugtar air.

## Obair bhreise

1 An bhfuil aon eolas breise agaibh faoi Úna Minh Kavanagh?
2 An bhfuil leaganacha Gaeilge de chluichí ríomhaireachta eile (seachas *Inár Measc*) ar fáil?
3 Bíodh díospóireacht ranga agaibh faoin rún, *Is iontach an caitheamh aimsire é cluichí ríomhaireachta nó cluiche físeáin a imirt*.



**Seo beagán den fhoclóir a d'fhéadfaí a úsáid**.

*lear mór eolais* *cur amú ama*
*costas* *comórtas* *rogha mhaith*
*cluichí* *foréigean*
*easpa réaltachta*
*teagmháil le himreoirí eile ar-líne*
*andúil* *aer úr* *aclaíocht*
*deiseanna fostaíochta*
*gnó ollmhór*

(Bainigí úsáid as teanglann.ie chun teacht ar bhrí na bhfocal thuas!)

## Madraí agus teas



Mar is eol do chách, cheannaigh lear mór daoine madraí le linn na paindéime. Ach cé mhéad de na húinéirí nua sin a thuig conas aire cheart a thabhairt dá bpeataí nuair a bhí an teocht an-ard le linn an tsamhraidh?


Samhlaigh thú féin ag caitheamh cóta mór trom agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Sin mar a bhíonn don mhadra!

Ní bhíonn madraí ag cur allais mar a bhíonn daoine agus, mar sin, ní féidir leo iad féin a fhuarú tríd an gcraiceann. Fuaraíonn an madra a chorp trí bheith ag cneadach. Is féidir leis é féin a fhuarú freisin trína lapaí. Bíonn sé fíordheacair do ghadhar siúl ar dhromchla an-te.

Ardaíonn teocht mhadra go han-tapa agus is gá súil ghéar a choinneáil air má bhíonn teocht an aeir ard. Is féidir leis an madra a bheith i gcontúirt ar lá deas gréine nó istigh in aice le tine mhór sa gheimhreadh.

Má bhuaileann stróc teasa do mhadra titfidh sé i laige, beidh sé ag cneadach agus ag prislíneacht óna bhéal. Ba cheart duit

1) é a chur in áit ina bhfuil scáth maith agus séideán gaoithe;
2) uisce fuar (ach gan a bheith rófhuar) a chaitheamh air;
3) glaoch ar an tréidlia.



cnead *pant* lapa *paw* gadhar = madra
dromchla *surface* prislíneacht *dribbling*

**Ceisteanna**

1 De réir an eolais sa chéad alt, céard a tharla le linn na paindéime?
2 Conas is féidir le madra é féin a fhuarú?
3 Céard iad na comharthaí sóirt de stróc teasa i madra?
4 Céard ba cheart do dhuine a dhéanamh le madra má bhuaileann stróc teasa é?

**Obair bhreise**

(a) An féidir leat na hanagraim thíos a scaoileadh?



*cósrt* *plaía* *ialdtéir* *admra*

*adhgar tteohc hdiftti liaghsmha*
*áhtasc hlacromd ndceaach aechtrísplín.*

(b) Déan amach póstaer simpli soiléir a léiríonn d'úinéirí madraí céard a bhíonn le déanamh má bhuaileann stróc teasa a madra. Bain úsáid as dathanna oiriúnacha agus as clófhoireann fheiliúnach. Déan deimhin de, freisin, go bhfuil gach pointe luaite ar do phóstaer.

## Valí, an rosualt



Is cinnte gur tharraing Valí clú agus cáil air féin i mbliana. Chonacthas an rosualt den chéad uair in Éirinn i mí an Mhárta 2021 i nDairbhre, Contae Chiarraí.

Ceaptar gurb as Svalbard do Valí, oileánra ó thuaidh ón Iorua agus gur thaistil sé go neamhspleách go hÉirinn ar dtús agus ansin go dtí an Bhreatain Bheag, an Fhrainc agus an Spáinn roimh fhilleadh go hÉirinn. Ní minic a fheictear rosualt timpeall farraigí na hÉireann, ar ndóigh.

Deirtear go bhfuil Valí timpeall ceithre bliana d'aois agus dhá mhéadar ar fad. Meánn sé 800 cileagram. Gan aon síoboighear timpeall air san Eoraip b'éigean dó dreapadh ar bháid chun a scíth a ligean, rud a rinne go leor damáiste agus a chuir cupla bád go tóin poill.



Ar deireadh lorg *Seal Rescue Ireland* pontún do Valí go bhféadfaidís monatóireacht a dhéanamh air agus go bhféadfadh Valí síochán a fháil óna lucht leanúna daonna.

Ach an cheist atá agam anois ná 'Cá bhfuil Valí'?

rosualt *walrus*
oileánra *archipelago,group of islands*
síoboighear *drift ice*

R O S U A L T


Cruthaigh focail dhifriúla as an bhfocal thuas. Tá ar a laghad 19 ann!

- Níl cead an litir chéanna a úsáid faoi dhó in aon fhocal.
- Níl síneadh fada ar bith i gceist ach an oiread!

FREAGRAÍ

Ar, ros, tar, las, ort, rua, tua, alt, lus, tor, slua, sult, luas, trua, tusa, taos, rosta, turas, sotal

## Mmmmmm!



An bhfuil aithne agat ar aon veigeatóir? An veigeatóir thú féin? Ar smaoinigh tú riamh ar na dúshláin a bhíonn os comhair veigeatóirí agus iad ag iarriadh bia blasta a aimsiú?

Is fíor a rá go bhfuil feabhas mór tagtha ar roghanna bia veigeánaigh i mbialanna ar fud an domhain. Ar bhiachláir ó cheann ceann na tíre seo, is minic a bhíonn rogha bhlasta anois dóibh siúd a roghnaíonn aiste bhia mhalartach a leanúint. Tá deireadh tagtha le pláta de ghlasraí leathmharbha a dháileadh ar chustaiméir, ag súil go sásódh sé sin é.



Tar éis trí bliana de thaighde, beidh *McDonalds* ag lainseáil burgair veigeánaigh de bhunús planda in Éirinn in Eanáir 2022. Beidh slisne cáise veigeánaí ar fáil leis an mburgar, istigh i mborróg sheasamain veigeánach le hoinniúin, leitís, tráta, picilí, mustard agus citseap.

Faoi láthair i Sasana tá triail á dhéanamh ar an mburgar nua ar a dtugtar *McPlant*.

malartach *alternate*    borróg *bun*
seiseaman *sesame*

## Bígí ag plé le chéile!

An dtaitníonn bia *McDonalds* leat? Cén sórt?
Ar mhaith leat a bheith ag obair in *McDonalds*? Mínigh.



An gceannófá an *McPlant*? Tabhair fáth le do fhreagra.

## Tír Eoghain abú!

Níor thóg sé ach sé shoicind déag ar Tommy Conroy (Maigh Eo) an chéad chúilín a scóráil in aghaidh Thír Eoghain i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann ar 11 Meán Fómhair. Ba léir go raibh Tommy agus a chomhimreoirí ag iarraidh deireadh a chur le 'mallacht Mhaigh Eo' chomh tapa agus ab fhéidir.

Tá seachtó bliain ann ó bhuaigh Maigh Eo Cluiche Ceannais na hÉireann i 1951. Dar leis an mbéaloideas áitiúil, thaistil an fhoireann sin trí bhaile Bhéal Easa ag ceiliúradh a mbua, ach theip orthu meas a léiriú do shochraid a bhí ag dul thar bráid.



Bhí an sagart chomh feargach leis an bhfoireann gur chuir sé mallacht orthu ag rá ‘a fhad is a mhaireann duine den fhoireann seo, ní bhuafaidh Maigh Eo cluiche ceannais eile’.



Maireann imreoir amháin ón bhfoireann sin, Paddy Prendergast, ach deir sé nár tharla na heachtraí thuasluaite. Ní chreideann bainisteoir Mhaigh Eo, James Horan, sa mhallacht ach an oiread.


Bíodh gur tharla nó nár tharla na heachtraí, chaill Maigh Eo agus d’ardaigh captaen Thír Eoghain Corn Mhig Uidhir i mbliana. 0-15 in aghaidh 2-14 an scór deiridh a bhí ann.



**Déan taighde.**

- An bhfuil scéal béaloidis nó piseog agat a bhaineann le do cheantar? An gcreideann tú an scéal? Scríobh alt faoi.





# Cúinne na Gramadaí

## Céimeanna Comparáide

Déanann aidiachtaí cur síos ar ainmfhocail. Leanann an aidiacht an t-ainmfhocal. Seo roinnt aidiachtaí coitianta sa Ghaeilge.

*cairdiúil misniúil suimiúil*
*dathúil brónach feargach*
*uaigneach compordach láidir*
*saibhir daibhir deacair*
*fuar dearg bán ceomhar*

**Sampla:**




1 Tá an fear te.

*Tá* → *briathar*
*an* → *alt*
*fear* → *ainmfhocal*
*te* → *aidiacht*

2 Tá an doras dearg.
3 Tá an carr gasta.

**Cleachtadh!**
**Pioc amach na haidiachtaí sna habairtí seo a leanas agus cuir line futhu.**
Tá Antaine ard cosúil lena athair. Tá teach álainn aige. Is breá leis an gluaisrothar tapa dubh a cheannaigh sé anuraidh. Bhí luach maith air.

**Nóta:**
**Úsáidtear *níos* agus *is* chun comparáid a dhéanamh**



| **Bunchéim** | **Breischéim** | **Sárchéim** |
|---|---|---|
| *mór* | *níos mó* | *is mó* |
| *cairdiúil* | *níos cairdiúla* | *is cairdiúla* |

**Rialacha**
Tógtar an bhunchéim agus déantar athruithe air chun an breischéim agus an tsárchéim a dhéanamh. Scrúdaigh na leideanna seo a leanas.

☞ **Aidiacht ag críochnú ar *úil***
Athraítear ***úil*** go ***úla.***
*dath**úil*** *níos dath**úla*** *is dath**úla***

☞ **Aidiacht ag críochnú ar *ach***
Athraítear ***ach*** go ***aí.***
*fiúnt**ach*** *níos fiúnt**aí*** *is fiúnt**aí***

☞ **Aidiacht ag críochnú ar *each***
Athraítear ***each*** go ***í***
*uaign**each*** *níos uaign**í*** *is uaign**í***

☞ **Aidiacht ag críochnú ar chonsan leathan, de ghnáth**
Cuirtear ***e* leis** agus **caolaítear an deireadh.**
*lea**than*** *níos le**ithne*** *is le**ithne***

☞ **Aidiacht ag críochnú ar ghuta. Ní athraítear é.**
**Sampla**
*dána* *níos **dána*** *is **dána***

**Eisceachtaí**
Bí ag faire amach do na haidiachtaí seo a leanas. Is eisceachtaí iad do na gnáthrialacha agus ní leanann siad na rialacha thuas.



| | | | |
|---|---|---|---|
| **beag** | *níos/is lú* | **deacair** | *níos/is deacra* |
| **fada** | *níos/is faide* | **olc** | *níos/is measa* |
| **te** | *níos/is teo* | **mór** | *níos/is mó* |
| **tapa** | *níos/is tapúla* | **gearr** | *níos/is giorra* |
| **furasta** | *níos/is fusa* | **maith** | *níos/is fearr* |
| **mall** | *níos/is moille* | **álainn** | *níos/is áille* |
| **fliuch** | *níos/is fliche* | **dian** | *níos/is déine* |



**Foghlaim!**
Tá d'fhón póca ***sean***, ach tá mo cheannsa ***níos sine*** ná é.
Tá Ethan ***sean***, tá Ódhrán ***níos sine***, ach is í Éabha an duine ***is sine*** den triúr!

## Cleachtaí

**Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní.**

1. Is é seo an rang Gaeilge is (suimiúil) a bhí agam le tamall.
2. Is é Robert Downey Junior an t-aisteoir is (cáiliúil) as *MCU* le blianta beaga anuas.
3. Tá m'uncail ceithre bliana níos (óg) ná mo mháthair.
4. Tá Cristiano Ronaldo ar dhuine de na peileadóirí is (maith) ar domhan.
5. Is dóigh liom go bhfuil Ciarán Kilkenny níos (tapa) ná Brian Fenton agus is é Fenton an t-imreoir is (láidir) den bheirt acu dar liom.
6. Is é seo an scéal is (taitneamhach) sa tsraith!

**Scríobh na haidiachtaí seo sa bhunchéim, sa bhreischéim agus sa tsárchéim.**

| | | |
|---|---|---|
| *beag* | *saibhir* | *uaigneach* |
| *cróga* | *sean* | *brónach* |
| *uaigneach* | *brónach* | *óg* |

## An Aidiacht Shealbhach

Is iad seo a leanas na haidiachtaí sealbhacha, mar aon leis na hathruithe tosaigh a dhéantar ar an bhfocal a leanann iad.

**Roimh chonsan**

| | | |
|---|---|---|
| ***mo*** **+ séimhiú** | *mo c**h**ara* | *mo t**h**uismitheoirí* |
| ***do*** **+ séimhiú** | *do c**h**ara* | *do t**h**uismitheoirí* |
| ***a*** **+ séimihiú** | *a c**h**ara* | *a t**h**uismitheoirí* |
| ***a*** **gan athrú** | *a cara* | *a tuismitheoirí* |
| ***ár*** **+ urú** | *ár **g**cara* | *ár **d**tuismitheoirí* |
| ***bhur*** **+ urú** | *bhur **g**cara* | *bhur **d**tuismitheoirí* |
| ***a*** **+ urú** | *a **g**cara* | *a **d**tuismitheoirí* |

**Roimh ghuta**

| | | |
|---|---|---|
| ***m'*** | ***m'**uncail* | ***m'**obair bhaile* |
| ***d'*** | ***d'**uncail* | ***d'**obair bhaile* |
| ***a*** | ***a** uncail* | ***a** obair bhaile* |
| ***a h-*** | ***a h**uncail* | ***a h**obair bhaile* |
| ***ár*** **+ urú** | ***ár n-**uncail* | ***ár n-**obair bhaile* |
| ***bhur*** **+ urú** | ***bhur n-**uncail* | ***bhur n-**obair bhaile* |
| ***a*** **+ urú** | ***a n-**uncail* | ***a n-**obair bhaile* |

**Eolas Tábhachtach!**

*mo f* [consan] / *do f* [consan]
*mo fhreagra / do fhreagra*
*m'f* [guta] / *do f*[guta]
*m'fháinne / d'fháinne*



**Cleachtadh**
**Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní.**

1 Chuaigh mé abhaile le mo (deartháir) ón bpictiúrlann.
2 Tá mo (uncail) caoga bliain d'aois inniu.
3 Tá ár (teach) suite sa chathair agus is aoibhinn liom é.
4 Thugamar ár (cártaí Nollag) do na múinteoirí um Nollaig.
5 Labhair a (athair) go séimh le hEithne.
6 Chuir mé mo (geansaí) orm ar maidin.
7 Scuab mé mo (fiacla) agus nigh mé mo (aghaidh) sular ith mé mo (bricfeasta) le mo (clann) ar maidin roimh am scoile.
8 D'ith sé a (dinnéar) go tapa.
9 Tá do (airgead) i mo (póca).

**Isteach, Amach, Istigh nó Amuigh?**
Is minic a chuireann na focail seo an-mhearball go deo ar scoláirí na Gaeilge. Déan iarracht machnamh a dhéanamh faoi agus féach ar na leideanna seo a leanas chun cabhrú leat.




☞ Baintear úsáid as ***amach*** agus ***isteach*** nuair a bhíonn **gluaiseacht** i gceist.

**Samplaí**
Rith mé isteach sa chistin.
Tháining Pól amach as an ngairdín.
An dtiocfaidh tú isteach as an mbáisteach, in ainm Dé?
Chonaic mé Elvis ag snámh amach ó na carraigeacha.



Bhrúigh Messi isteach ar an gcúl báire.

☞ Baintear úsáid as ***amuigh*** agus ***istigh*** nuair a bhíonn **suíomh** i gceist. Ní bhíonn aon ghluaiseacht i gceist.

**Samplaí**
Tá an madra istigh sa chistin.
Bhí Pól ag obair amuigh sa ghairdín.
Feicim an bád álainn sin amuigh ar an bhfarraige.
Bhí rí-rá agus ruaille buaille istigh sa bhaile mór inniu.
Bíonn na polaiteoirí amuigh ar na sráideanna nuair a bhíonn an toghchán ar siúl.

**Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas.**

Tá an príomhoide ag obair _______ san oifig.



Bhí na daltaí ag cur allais _______ sa seomra leis an teas.

Tá Hilda ag obair ______ sa ghairdín.



Bhí m’athair ag bácáil ______ sa chistin ag an deireadh seachtaine.

Thug mo mháthair mo lón dom agus mé ag rith ______ an doras ar scoil ar maidin.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh ná eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**ISBN 978-1-904174-69-1**

Arna dhearadh agus arna leagan amach ag Fitzwilliam Print
Arna chlóbhualadh ag Inch Print Ltd

Déanaimid gach iarracht teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt. Sa chás go dteipeann orainn teacht ar aon duine, táimid sásta socruithe cuí a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh linn.

